

Gluais ar Mheasúnú na Sraithe Sóisearaí

Próifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (*Creat I. 46-4*)

Bronnfar an PGSS don chéad uair i bhFómhar 2017. Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le agus tuairisceoidh sé ar ghnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stat-teistithe agus Tascanna Measúnaithe.

Socrófar ar bhonn náisiúnta leagan amach an PGSS. Cuirfidh an scoil le chéile é agus gheobhaidh scoláirí é san fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bheidh torthaí uile measúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe. Beidh a gcuid torthaí ar eolas ag na scoláirí sula bhfaighidh siad an PGSS. I gcás ghráid an CSS agus na dtascanna don Mheasúnú Rangbhunaithe araon, beidh torthaí a gcuid measúnuithe faighte acu sula mbronntar an PGSS.

Measúnú Foirmitheach (*Creat I. 35-36*)

De réir mar a thugtar isteach measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga cuirfidh sé bonn agus taca faoin tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint an méid atá bainte amach aige agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhí isteach ina gcuid teagaise chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

Measúnú Rangbhunaithe (*Creat I. 37-38*)

Is fearr breathnú ar obair a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe mar dhlúthchuid den mheasúnú leanúnach agus de ghnáthchleachtas an tseomra ranga. I ngach ábhar, tabharfaidh na scoláirí faoi dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a éascóidh a múinteoir. Tarlóidh Measúnú Rangbhunaithe amháin sa dara bliain agus an dara Measúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain. Tabharfaidh na Measúnaithe Rangbhunaithe deiseanna do scoláirí a gcuid tuisceana agus a gcuid scileanna a léiriú ar bhealach nárbh fhéidir a dhéanamh i scrúdú foirmiúil. Is ceann de chuspóirí na Measúnuithe Rangbhunaithe aiseolas forbartha a thabhairt do scoláirí le linn dóibh a bheith i mbun an taise mheasúnaithe agus ag deireadh an phróisis.

Beidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta. Is í an CNCM i gcomhar le CSS a chuirfidh ar fáil sonraíochtaí na Measúnuithe Rangbhunaithe ar bhonn bliantúil. Clúdóidh na tascanna réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear cur i láthair ó bhéal, obair scríofa de chineálacha éagsúla, gníomhaíochtaí praiticiúla nó deartha agus déantúsaíochta, léiriúcháin ealaíonta, turgnaimh eolaíochta, tionscadail nó tascanna oiriúnacha eile. Beidh na Measúnaithe Rangbhunaithe le déanamh ag scoláirí laistigh de thréimhse áirithe ama laistigh d'am i mbun ranga agus ag cloí le clár ama náisiúnta. Cuirfidh an CNCM amlíne ar leith ar fáil do gach Measúnú Rangbhunaithe.

Do gach Measúnú Rangbhunaithe, leagfaidh an CNCM síos caighdeáin nó pointí tagartha a chuireann síos ar ghnóthachtáil i Measúnú Rangbhunaithe ag leibhéal éagsúla. Beidh samplaí d'obair scoláirí ag

leibhéil éagsúla ar fáil in éineacht le tuairiscíní cáilíochtaí. Cuirfidh soláthar cáilíochtaí agus obair eiseamláire creat soiléir ar fáil do mhúinteoirí inar féidir leo obair a gcuid scoláirí féin a luacháil le haghaidh a measúnaithe.

Gnéithe Cáilíochta

Is ráitis iad na gnéithe cáilíochta i sonraíochtaí na ngearrchúrsaí/ na n-ábhar a chabhraíonn le múinteoirí breithiúnais a dhéanamh ar chaighdeán obair scoláirí chun tuairisc a thabhairt ar ghnóthachtáil scoláirí. Ó tharla critéir ratha a bheith dlúthcheangailte le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina scáthán ar na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

Cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (cruinnithe SLAR) (Creat l. 39-40)

Beidh ról lárnach ag na cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair chun cultúr gairmiúil coláisteach a fhorbairt agus muinín a thógáil i dtaca leis na breithiúnais a dhéanann múinteoirí ar fheidhmiú scoláirí. Cabhróidh an tacaíocht struchtúrtha i gcruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair do Mheasúnaithe Rangbhunaithe chun leanúnachas agus cothrom na Féinne a chinntiú laistigh de scoileanna agus ar fud na scoileanna sa mheasúnú ar foghlaim scoláirí. I gcruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí d'obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht foghlaim scoláirí.

Beidh gach cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe sin. Mairfidh gach cruinniú tuairim is dhá uair an chloig. Ceadóidh bainisteoireacht na scoile dhá uair an chloig sa bhreis do mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun ullmhúchán a dhéanamh agus an cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a éascú agus a chomhordú. Chun forbairt acmhainne a chothú i ngach roinn ábhair, is ar bhonn sealaíochta de ghnáth a dhéanfar an ghníomhaíocht seo idir na múinteoirí cuí.

Measúnú Deireanach (Scrúduithe stát-teistithe a mheastar go seachtrach) (Creat l. 40-41)

Tá sé seo an-chosúil leis an scrúdú a dhéanann scoláirí an 3^ú bliain i mí an Mheithimh faoi láthair ach tá roinnt athruithe ann mar sin féin. Tá na scrúduithe uile socraithe ag leibhéal comónta (seachas Gaeilge, Béarla agus Matamaitic ina bhfuil dhá leibhéal). Ní mhairfidh siad níos faide ná 2 uair a chloig agus ní bheidh níos mó ná 10 n-ábhar ann. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocróidh agus a riarfaidh iad, a cheartóidh iad agus a thabharfaidh na torthaí. Déanfar iad a thaifead ag úsáid sraith ghrád. Eiseofar gráid shealadacha i Mí Mheán an Fhómhair ag deireadh an tríú bliain, mar a dhéantar faoi láthair, agus ina dhiaidh sin dearbhófar iad agus cuirfear iad isteach i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Tasc Measúnaithe (TM) (Creat l. 38)

I ndiaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe, déanfaidh na scoláirí Tasc Measúnaithe ar ar foghlaim siad agus ar na scileanna agus na cumais a d'fhorbair siad sa mheasúnú sin. Is féidir go n-iarrfaí orthu cur síos a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfaí a gcuid foghlama a úsáid i suíomhanna nua. Beidh baint aige le torthaí foghlama an dara Measúnú Rangbhunaithe.

Déanfar an Tasc Measúnaithe sa rang faoi stiúir an mhúinteora agus seolfar ar aghaidh chuig CSS é le haghaidh a mharcála chomh maith le script an ábhair sin sa scrúdú stat-teistithe. Cuirfear san áireamh marcanna ón Tasc Measúnaithe i ngach ábhar nuair a bhronnfar grád san ábhar.